



**Scoil Naomh Gobnait**

**Dún Chaoin**

Trá Lí

Co. Chiarraí

V92 NY00

Uimhir Rolla:16281A

## **Féitheoireacht an Chlóis agus timpeall na Scoile**

### **Scoil Dhún Chaoin**

#### **Reasúnaíocht**

Tá cúram féitheoireachta an chlóis agus sa scoil mar fhreagracht ar na múinteoirí lán aimseartha, ar an gCúntóir Riachtanais Speisialta, agus ar aon bhall fóirne eile i láthair ar an lá. Ina measc; Muinteoirí Tacaíochta, cúntóirí teangan agus ionadaithe.

Tá féitheoireacht thar a bheith tábhachtach chun baol timpistí, achrann agus deiseanna bhulaíochta a sheachaint.

I gcás scoile Ghaeltachta chomh maith cabhraíonn féitheoireacht leanúnach ó thaobh an Ghaelainn a chaomhnú mar theanga shóisialta na scoile.

#### **Treoracha**

Tosnaíonn an lá scoile go hoifigiúil ag 9:20 ach bíonn roinnt leanaí ar scoil ó 9:00.

Níl aon chead ag leanaí imirt sa chlós ar maidin gan múinteoir nó cúntóir a bheith i láthair sa chlós.


- Roimh dhul amach íosfaidh na daltaí a lón ina seomra féin leis an múinteoir ranga. Níl cead ithe lasmuigh ar bhaol thachtadh agus chun baol truailliú a sheachaint.
- Tá an chéad sos ag 11.00rn- 11.15in. agus an dara sos ag 1.00in- 1.30in.
- Ní bheidh cead ag leanbh sa chlós go dtí go bhfuil múinteoir nó cuntóir sa chlós i bhfeighil.
- Caithfidh ar a laghad múinteoir/cúntóir amháin a bheith sa chlós más ea go bhfuil leanaí amuigh. Má tá an leanbh gortaithe beidh ar mhúinteoir eile a bheith ar fáil chun dul amach sa chlós nuair atá cúram le cur ar an leanbh atá gortaithe.
- Cuirfear cóir leighis ar aon dhalta a gortaíotar chomh fada is atá ar chumas an mhúinteora. Cuirfear glaoch abhaile i gcónaí i gcas gortú chloiginn. Ní fhanfaidh aon mhúinteoir sa scoil chun cóir leighis a chur a leanbh gan leanbh eile a bheith i láthair chomh maith. Má tá an gortú olc go leor déanfar fios a chur ar thuismitheoirí/caomhnóirí an linbh agus coimeádfar tuairisc de sin i leabhar na n-eachtraí.
- Siúlfaidh múinteoirí timpeall láthair na scoile ó am go ham, ní bheidh nós fanacht in aon spota amháin ró fhada.
- Ní bheidh cead ag leanaí fanacht sa bhfoirgneamh scoile muna bhfuil múinteoir nó cuntóir i láthair chomh ach amháin nuair atá leanbh ag úsáid an leithris. Níl cead ag leanaí cruinniú ró fhada sna leithris, sa halla nó sa bhothán gan maoirseacht mhúinteora/cúntóra
- Déanfaidh na múinteoirí deimhin de, chomh fada is atá ar a gcumas, nach bhfágfaidh aon dalta clós na scoile i rith am sosa.
- Má bhíonn aon achrann nó argóint sa chlós déanfaidh na múinteoirí a ndícheall é a réiteach. Má bhíonn gá leis, déanfaidh na múinteoirí aon scéal atá ag déanamh tinnis do leanbh a fhiosrú níos doimhne tar éis am sosa. Más cúis inní mór eachtra ar leith, déanfar fiosruithe breise ar an scéal agus coimeádfaidh an múinteoir ranga cuntas scríofa don eachtra. Leanfar cód iompair na scoile agus, más gá, an polasaí nua *Bí Cineálta*.
- Nuair atá leanbh sa leithreas fágann siad an doras ranga go dtí an leithreas ar oscailt. Is comhartha don múinteoir é seo go bhfuil leanbh sa leithreas

agus bíonn na múinteoirí ábalta súil a choimeád ar an láthair taobh amuigh dos na leithris.

Cuireadh an Polasaí fé bhráid an Bhoird é ar an 27ú Feabhra 2025.


Pádraig Firtéar

Cathaoirleach

  
Dáta 27/2/2025

Malacháí Mac Amhlaoibh,

Príomhoide

  
Dáta 27/2/25